C/2023/685

3.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11284 – PRAX / OIL!)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/685)

1. An 23 Deireadh Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Prax Limited ('Prax', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Prax Group Holdings Limited (an Ríocht Aontaithe), agus faoi rialú deiridh Winston Sanjeev Kumar Soosaipillai agus Arani Kumar Soosaipillai,

— OIL! Tankstellen GmbH ('OIL!', an Ghearmáin), faoi rialú MABANAFT GmbH & Co. KG ('Mabanaft', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Prax rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar OIL! ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Prax: cuideachta sealbhaíochta agus fochuideachta de chuid Ghrúpa Prax atá gníomhach i scagadh agus cumasc ola, soláthar táirgí peitriliam, oibriú líonra lóistíochta chun táirgí ola a iompar agus miondíol breosla trí stáisiúin bhreosla,

— i gcás OIL!: in éineacht lena fhochuideachtaí, tá sé gníomhach i miondíol breoslaí mótair agus táirgí comhlántacha (earraí áise, ní gluaisteán agus seirbhísí eile) trí stáisiúin bhreosla.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11284 – PRAX / OIL!

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË